# Scéim Infheistíochta na bhFéilte

Treoirlínte d'Iarratasóirí

Banda Maoinithe C (iarratais idir €20,001 agus €35,000)

Babhta 1 – Le haghaidh féilte a bheidh ar siúl idir an 1 Eanáir agus an 30 Meitheamh 2022

Spriocdháta: 5.30pm, Déardaoin, an 22 Iúil 2021

## CLÁR


| | |
|---|---|
| **Pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu** | **2** |
| **Cabhair a fháil maidir le d'iarratas** | **3** |
| **1. Maidir le Scéim Infheistíochta na bhFéilte, Banda C** | **5** |
| 1.1 Cuspóir na scéime | 5 |
| 1.2 Cuspóirí agus tosaíochtaí maidir le féilte | 6 |
| 1.3 Cuspóirí agus tosaíochtaí maidir le cleachtais ealaíon/foirmeacha ealaíne aonair | 6 |
| 1.4 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh faoi Bhanda C? | 9 |
| 1.5 Cé hé an t-iarratasóir? | 9 |
| 1.6 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh? | 10 |
| 1.7 Céard is féidir leat iarratas a dhéanamh air? | 10 |
| 1.8 Céard nach féidir leat iarratas a dhéanamh air? | 11 |
| 1.9 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas? | 12 |
| 1.10 Incháilitheacht | 13 |
| **2. D'iarratas a dhéanamh** | **14** |
| 2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon | 14 |
| 2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais | 15 |
| 2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas | 22 |
| 2.4 D'iarratas a dhéanamh ar líne | 23 |
| **3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas** | **25** |
| 3.1 Forbhreathnú | 25 |
| 3.2 An próiseas measúnaithe | 25 |
| 3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú | 26 |
| 3.4 Próiseas scórála | 27 |
| 3.5 Toradh na n-iarratas | 29 |

# Pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu

- Tá faisnéis thábhachtach sa cháipéis seo faoi Scéim Infheistíochta na bhFéilte agus faoin tslí iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go láidir duit an cháipéis seo a léamh go cúramach sula dtosaíonn tú ar an bpróiseas chun d'iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go láidir duit freisin tosú ar an bpróiseas go luath agus **neart ama** a fhágáil chun d'iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go mbeadh sé mar aidhm agat d'iarratas a uaslódáil **daichead a hocht uair an chloig ar a laghad** roimh an spriocdháta fógartha. Ar an gcaoi sin, bheadh am agat dul i dteagmháil linn má bhíonn aon fhadhbanna teicniúla agat agus bheimis in ann cuidiú leat.
- Tabhair faoi deara, de bharr an líon mór iarrthóirí a úsáideann an córas ar líne lá an spriocdháta, nach féidir linn a dheimhniú go mbeimid in ann aon fhadhbanna teicniúla a bheadh agat a réiteach, sa chás go dtéann tú i dteagmháil linn **i ndiaidh a 2.00 pm lá an spriocdháta**.
- Léigh an seicliosta seo a leanas go cúramach:

---

- [ ] Tá na treoirlíne seo léite agam agus tuigim iad.
- [ ] Sa chás go raibh fadhb agam, chuaigh mé i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cúnamh a fháil.
- [ ] Tá gach cuid den fhoirm iarratais a bhaineann le m'iarratas comhlánaithe agam.
- [ ] Tá gach ábhar tacaíochta atá riachtanach ullmhaithe agam, mar a shonraítear sna treoirlínte seo, agus tá siad sin réidh le huaslódáil agam.
- [ ] D'iarr mé ar dhuine éigin eile m'iarratas a sheiceáil chun a chinntiú nach bhfuil aon earráidí ann agus nach bhfuil aon rud ar iarraidh.

---

# Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

Má tá ceisteanna agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid, tabhair cuairt ar rannán na gCeisteanna Coitianta ar ár suíomh gréasáin: http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/

Má tá ceist theicniúil agat faoin bpróiseas iarratais ar líne agus nach bhfuil freagra ar do cheist i rannán na gCeisteanna Coitianta, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie, nó glaoch ar an gComhairle Ealaíon ar **01 618 0200/01 618 0243**

Má bhíonn ceist agat faoi d'iarratas nach mbaineann le cúrsaí teicniúla, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ealaíon a bhfuil iarratas ar mhaoiniú á chur faoina bráid agat ar ríomhphost nó ar an bhfón. http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/Liostai-den-bhfoireann-agus-de-chomhairleoiri/

Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh: http://www.youtube.com/artscouncildemos

**NÓTA DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS**

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaoine atá faoi mhíchumas ar mian leo iarratas a chur isteach nó a bhfuil deacrachtaí acu teacht ar Sheirbhísí ar Líne. Má tá riachtanas speisialta agat sa réimse sin, déan teagmháil le Adrienne Martin, Oifigeach Rochtana na Comhairle Ealaíon, ar an nguthán (01-618 0219) nó trí ríomhphost (adrienne.martin@artscouncil.ie) **trí seachtaine ar a laghad** roimh an spriocdháta.

## NÓTA FAOIN TREOIR SLÁINTE POIBLÍ MAIDIR LE COVID-19

**Agus d'iarratas á ullmhú, ba cheart duit é a bhunú ar an gcomhairle agus treoir sláinte poiblí is fearr atá ar fáil ag an am a bhfuil d'iarratas á dhéanamh agat.**

**Ba cheart duit a chinntiú go bhfuil an méid atá á mholadh agat indéanta nó inoiriúnaithe má bhíonn tionchar ag scaradh sóisialta agus/nó bearta sláinte poiblí eile ar do thréimhse sparánachta ar fad nó ar chuid den tréimhse lena mbaineann an togra seo.**

**Má éiríonn le d'iarratas agus gur gá duit cuid de do thogra nó é ar fad a athrú de bharr athrú sa chomhairle sláinte poiblí, ba cheart duit dul i dteagmháil le d'fhoireann ealaíon roimh ré chun é sin a phlé.**

# Nóta tábhachtach faoin scéim

## An banda ceart a roghnú do Scéim Infheistíochta na bhFéilte

Tá trí bhanda i Scéim Infheistíochta na bhFéilte agus ceapadh gach ceann acu le tacú le féilte ag céimeanna éagsúla dá bhforbairt. Ní fhéadfaidh tú iarratas a dhéanamh ach ar cheann amháin de na trí bhanda atá ar fáil sa bhliain féilire, agus ba chóir duit an ceann is oiriúnaí a roghnú do d’eagraíocht féile féin. Iad siúd atá ag feidhmiú:

- Féile bheag, féile nua ina bhfuiltear ag iarraidh smaointe nua a thriail, féile atá i gcéimeanna tosaigh na forbartha nó féile gan struchtúr gnó foirmiúil: ba cheart dóibh smaoineamh ar chur isteach ar BHANDA A
- Féile bheag nó mheánmhéide ina bhfuiltear ag iarraidh cumas a neartú i bhfoirm ealaíne ar leith nó ina bhfuiltear ag iarraidh straitéisí a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht an phobail: ba cheart dóibh smaoineamh ar chur isteach ar BHANDA B
- Féile mheánmhéide le struchtúr gnó/eagraíochtúil foirmiúil atá á stiúradh go straitéiseach agus ina bhfuiltear ag iarraidh cumas a neartú i bhforbairt foirm ealaíne (e.g. comhchoimisiúnú, táirgeadh, etc.): ba cheart dóibh smaoineamh ar chur isteach ar BHANDA C.

Moltar freisin gur cheart do na hiarrthóirí seo a leanas labhairt lena bhfoireann measúnaithe do Scéim Infheistíochta na bhFéilte nó Ceann na bhFéilte sula ndéanann siad iarratas:

- Iarratasóirí nua ar an scéim
- Eagraíochtaí féile a bhfuil sé i gceist acu iarratas a dhéanamh ar Bhanda B nó ar Bhanda C don chéad uair
- Féile ar tacaíodh léi cheana trí Bhanda A ar mian léi iarratas a dhéanamh ar Bhanda B nó Banda C
- Féile ar tacaíodh léi cheana trí Bhanda B ar mian léi iarratas a dhéanamh ar Bhanda C.

**Tabhair faoi deara**

**Aistrithe banda**

Má tá tú ag cur isteach ar na bandaí B nó C, féadfar iarratais a aistriú go banda níos ísle sna cásanna seo a leanas (más inchháilithe):

- Mura bhfuil dóthain fianaise san iarratas don bhanda faoina ndearna tú iarratas
- Tá an maoiniú atá á iarraidh faoi bhun na tacaíochta airgeadais atá ar fáil sa bhanda sin.

**Tabhair faoi deara:** cuirfear aistrithe banda in iúl d’iarratasóirí i scríbhinn.
Ní bhogtar iarratais chuig banda níos airde i gcúinsí ar bith.

**Dámhachtainí banda**

Mar gheall ar nádúr iomaíoch agus buiséadach na scéime, d'fhéadfadh go mbeadh an maoiniú a thairgtear níos lú ná íosteorainn an bhanda.
Coimeádann an Chomhairle Ealaíon an ceart chun níos lú a bhronnadh i gcúinsí ina measann sí go n-oireann an fhaisnéis a tugadh do bhanda infheistíochta níos ísle ná an ceann a ndearna d’eagraíocht iarratais air.

# 1. Maidir le Scéim Infheistíochta na bhFéilte, Banda C

## 1.1 Cuspóir na scéime

Is é cuspóir Scéim Infheistíochta na bhFéilte an tacaíocht chuí a thabhairt d'fhéilte le go mbeidh siad in ann eispéiris ealaíon den scoth a chur ar fáil do lucht féachana, cur le forbairt na gcleachtas foirme ealaíne, dul i bhfeidhm ar an lucht féachana ar bhealach cruthaitheach agus samhlaíoch, agus deiseanna rannpháirtíocht an phobail a mhéadú.

Tá féilte ar cheann de na himeachtaí is tábhachtaí ina gcruthaítear agus ina gcuirtear na healaíona i láthair lucht féachana mór ilghnéitheach. Bíonn níos mó daoine in ann teacht ar na healaíona mar gheall orthu freisin. Cuireann siad ardáin agus deiseanna ríthábhachtacha ar fáil d'ealaíontóirí le go mbeidh siad in ann a gcleachtas a fhorbairt. Is minic a chuirtear na healaíona i láthair ar bhealaí úra dúshlánacha, i spásanna traidisiúnta ealaíon agus i spásanna nach mbaineann leis na healaíona araon.

Tá ról ar leith ag féilte maidir le saol beoga inbhuanaithe ealaíon a fhorbairt go háitiúil. Tugann siad deiseanna tábhachtacha d’ealaíontóirí agus do lucht féachana/éisteachta idirghníomhú i gcomhthéacs a bhaineann, go minic, le ceiliúradh. Is féidir le gnéithe áirithe an comhthéacs sin a mhúnlú, gnéithe lena n-áirítear an ceantar áitiúil, an tuiscint ar an rud is pobal ann agus tiomantas na ndaoine a eagraíonn an t-imeacht, agus, ar ndóigh, an fuinneamh, an tallann agus an fhís a chuireann buntaca faoi na gníomhaíochtaí ealaíne a chuirtear i láthair. Chuige sin, is eol don Chomhairle Ealaíon an cion mór oibre a dhéanann na coistí deonacha chun féilte a fhorbairt agus a bhuanú.

Is scéim iomaíoch í Scéim Infheistíochta na bhFéilte a thugann tacaíocht mhaoinithe i gcomhair reáchtáil féilte ar **bhonn neamh-athfhillteach**. **Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go dtugtar maoiniú faoin gclár seo ar bhonn aonuaire.**

**Tosaíochtaí na scéime**

Tabharfar tús áite do thionscadail:

- Ina léirítear tiomantas agus cumas chun **rannpháirtíocht an phobail** a mhéadú an oiread agus is féidir trí pháirteachas agus trí fhreastal an lucht féachana
- Ina gcuirtear fís uileghabhálach ealaíne in iúl a thagann le cineál na ngníomhaíochtaí beartaithe agus a léiríonn **sármhaitheas ealaíne**
- Ina léirítear bainistiú fónta, éifeachtach ar fhéilte agus ar airgead, cuntas teiste sármhaitheasa, agus soláthar ardchaighdeáin, a chinntíonn go bhfuil an tionscadal **indéanta**
- Ina léirítear fianaise ar thiomantas do **chuspóirí/thosaíochtaí** na Comhairle Ealaíon maidir le **Féilte** (féach ar chuid 1.2)
- Ina léirítear fianaise ar thiomantas do **chuspóirí/thosaíochtaí** na Comhairle Ealaíon maidir le **Foirmeacha Ealaíne** (féach ar chuid 1.2).

**Cuirfear raon réigiúnach agus raon áitiúil na ngníomhaíochtaí ealaíon san áireamh** i Scéim Infheistíochta na bhFéilte. D’fhéadfaí tús áite a thabhairt d’fhéilte i gceantair nach mbíonn mórán gníomhaíochtaí ealaíon le sonrú iontu faoi láthair in áit na gceantar sin ina mbíonn cuid mhór gníomhaíochtaí ealaíon, lena n-áirítear obair eagraíochtaí eile a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon.

**Ní thabharfar tús áite** i gcomhair maoiniú do thograí ar imeachtaí nasctha iad (e.g. sraith ráithiúil nó mhíosúil ceoil nó litríochta), cláir atá dírithe go príomha ar shraith ceardlann, scoileanna samhraidh, ranganna leanúnacha nó imeachtaí aonuaire, etc.

Tá straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–2025), *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú* (http://www.artscouncil.ie/ga/straiteis-na-comhairle-ealaion/) mar bhonn eolais faoi na dámhachtainí agus na scéimeanna uile.

### 1.2 Cuspóirí agus tosaíochtaí maidir le féilte

Tabharfar tús áite d'iarratais:

- Ina léirítear ardleibhéal comhtháthaithe le hacmhainní áitiúla, agus a thugann fianaise ar thacaíocht ó réimse éagsúil comhpháirtithe
- Ina léirítear tuiscint ar an gcomhthéacs/áit ina bhfuil an fhéile á cur i láthair, agus fianaise ar luach don phobal sa cheantar féin
- Ina léirítear go soiléir go bpléann a gclár leis an bpobal áitiúil agus go bhfuil sé ábhartha dó
- Ina léirítear feasacht ar ealaíontóirí a bhfuil cónaí orthu sa réigiún agus an chaoi a bhfuil an fhéile ag oibriú chun tacú lena bhforbairt
- Ina léirítear straitéisí i gcomhair cuid mhór rannpháirtíocht phobail le lucht féachana, idir áitiúil agus réigiúnach, agus ina léirítear straitéisí i gcomhair teacht leathan ar an lucht féachana sin.

### 1.3 Cuspóirí agus tosaíochtaí maidir le cleachtais ealaíon/foirmeacha ealaíne aonair

Tabharfar tús áite do thograí a shásaíonn tosaíochtaí na Comhairle Ealaíon maidir le foirmeacha ealaíne ginearálta agus iad siúd a bhaineann go sonrach le foirmeacha ealaíne/cleachtais ealaíon ar leith (mar a liostaítear).

**Tosaíochtaí maidir le foirmeacha ealaíne ginearálta**

Tabharfar tús áite d'iarratais:

- Ina léirítear fís agus caighdeán ealaíonta den scoth (ealaíontóirí agus clár)
- A léiríonn tiomantas do chomhoibriú ealaíne, comhléiriú, coimisiúnú, cruthú saothair nua, forbairt foirme ealaíne nó ealaíontóirí
- Ina dtacaítear le forbairt cleachtas ealaíon/foirmeacha ealaíne aonair agus cumas a fhorbairt i measc ealaíontóirí agus cleachtóirí.

**Tosaíochtaí maidir le foirmeacha ealaíne aonair**

**Ailtireacht**

In **Ailtireacht**, tabharfaimid tús áite d’iarratais:

- Ina gcuirtear tuiscint ar chláir ailtireachta a sholáthar don phobal in iúl go soiléir agus ina ndírítear ar thuiscint an phobail ar ailtireacht a fhorbairt thar an gcaidreamh traidisiúnta idir an t-ailtire agus an cliant.

**Rannpháirtíocht sna hEalaíona**

I **Rannpháirtíocht sna hEalaíona**, tabharfaimid tús áite d’iarratais:

- Ina gcuimsítear cruthú agus/nó cur i láthair saothair atá uaillmhianach ó thaobh na healaíne de agus a fhorbraítear trí phróiseas comhoibríoch idir ealaíontóir agus pobal leasa.

- Ina gcothaítear cur chuige idirchultúrtha agus ina soláthraítear deiseanna le haghaidh comhar ealaíonta idir daoine aonair agus grúpaí ó chúlraí cultúrtha éagsúla – i gcomhthéacs bheartas na Comhairle Ealaíon ar *Éagsúlacht Chultúrtha agus na hEalaíona* (2010) agus an Beartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht. Ní mór d'iarratasóirí cur síos soiléir a dhéanamh orthu siúd atá bainteach (an t-ealaíontóir agus an pobal), chomh maith le réasúnaíocht agus na modheolaíochtaí a úsáidfear le haghaidh rannpháirtíochta le rannpháirtithe agus leis an lucht féachana (de réir mar is cuí).

**Sorcas, Ealaíona Sráide agus Seónna**

I **Sorcas, Ealaíona Sráide agus Seónna**, tabharfaimid tús áite d'iarratais:

- Ina leagtar béim láidir ar rannpháirtíocht phoiblí agus ina gcuirtear gnéithe ardchaighdeáin de chomhar trasdisciplíneach i láthair

- A forbraíodh i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus/nó le heagraíochtaí foirmiúla ag a bhfuil cuntas teiste bunaithe i soláthar seirbhísí ealaíon agus/nó cláir ealaíne (e.g. ionaid ealaíon, eagraíochtaí acmhainní, compántais léiriúcháin, etc.).

**Damhsa**

I n**Damhsa**, tabharfaimid tús áite d'iarratais:

- Ina léirítear an cumas cur le mórfhorbairt na foirme ealaíne maidir le táirgeadh agus scaipeadh saothair de bhunús Éireannach.

**Scannán**

I **Scannán**, tabharfaimid tús áite d'iarratais:

- Ina dtugtar deiseanna uathúla don lucht féachana/éisteachta teacht ar chineama cultúrtha

- Ina gcomhlíontar gníomhaíocht eile scannáin, in ionad í a mhacasamhlú.

**Litríocht**

I **Litríocht**, tabharfaimid tús áite d'iarratais:

- Iarratais ina sceidealtar ócáidí litríochta comhaimseartha ar chlár ar bhealaí uaillmhianacha samhailteacha

- Ina ndírítear ar lucht léitheoireachta a fhorbairt don litríocht chomhaimseartha

- Iarratais ina léirítear go dtugtar luach saothair cóir agus cothrom do scríbhneoirí agus d'ealaíontóirí rannpháirteacha

- Ina n-oibrítear le díoltóirí leabhar agus/nó le leabharlanna.

**Ceol**

I g**Ceol**, tabharfaimid tús áite d'iarratais:

- Ina dtugtar tairbhe leanúnach do shaol ceoil lucht éisteachta áitiúil agus réigiúnach
- Ina mbaintear úsáid as ceol Éireannach mar is cuí.

**Na hEalaíona Ildisciplíneacha**

I gcás féilte a bhaineann leis **na hEalaíona Ildisciplíneacha**, tabharfar tús áite d’iarratais:

- Ina bhfuil bealaí samhlaíocha le dul i ngleic le cláreagrú i bhfoirmeacha ealaíne/i gcleachtais ealaíon agus ina spreagtar rioscaí a ghlacadh ar son na cruthaitheachta (lena n-áireofaí: snáitheanna nua cláreagraithe a fhorbairt le haghaidh d'fhéile, tacú le tionscnaimh nua ealaíon, deiseanna a thabhairt d'ealaíontóirí ó fhoirmeacha ealaíne difriúla dul i mbun comhoibriú, smaointe nua a thriail)
- Ina gcuimsítear cruthú agus/nó cur i láthair saothair atá uaillmhianach ó thaobh na healaíne de agus a fhorbraítear trí phróiseas comhoibríoch idir an t-ealaíontóir agus an pobal áitiúil.
- Ina léirítear tiomantas do chláreagrú na n-ealaíon i spásanna poiblí/sa réimse poiblí.

**Ceoldrámaíocht**

I g**Ceoldrámaíocht**, tabharfaimid tús áite d’iarratais:

- Ina ndírítear ar cheoldrámaíocht a chur i láthair do lucht éisteachta áitiúil agus réigiúnach
- Ina mbaintear úsáid as ceoldrámaíocht Éireannach mar is cuí.

**Amharclannaíocht**

In **Amharclannaíocht**, tabharfaimid tús áite d’iarratais:

- Ina bhféachtar le teorainneacha na hamharclannaíochta a shíneadh ó thaobh trialach agus nuálaíochta de.
- Ina bhforbraítear foirm ealaíne na hamharclannaíochta: d’fhéadfadh sé sin bheith i gcomhthéacs saothar idirdhisciplíneach taibhléirithe agus cineálacha cur chuige i leith na hamharclannaíochta agus an chuir i láthair nach bhfuil bunaithe ar insint
- Ina bhféachtar le hócáidí amharclannaíochta a chruthú i spásanna taobh amuigh den amharclann agus i spásanna neamhghnácha.

**Na hEalaíona Traidisiúnta**

Sna h**Ealaíona Traidisiúnta**, tabharfaimid tús áite d’iarratais mar seo a leanas:

- Iarratais ina léirítear an tábhacht a bhaineann le béim réigiúnach a bheith ann agus féile á cláreagrú
- Ina ndírítear ar chur i láthair léirithe nua agus ar chomhshaothar.
- Ina dtugtar deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga bheith rannpháirteach sa chlár ealaíne.

**Na hAmharc-ealaíona**

Sna h**Amharc-ealaíona**, tabharfaimid tús áite d’iarratais:

- Ina léirítear go soiléir tuiscint ar an gcaoi leis na hamharc-ealaíona a sholáthar do dhaoine nach bhfuil saineolas acu ar an bhfoirm ealaíne sin.

**Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas (DÓLO)**

In **DÓLO**, tabharfaimid tús áite d'iarratais:

- A bhfuil tiomantas ar leith acu do leanaí nó rannpháirtíocht daoine in eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán, nó ina ndírítear go sonrach orthu
- Ina léirítear eolas agus tuiscint ar an sprioc-aoisghrúpa nó na sprioc-aoisghrúpaí, agus ina gcuimsítear straitéisí chun rannpháirtíocht daoine óga leis na healaíona a fhorbairt agus a fheabhsú.
- Ina bhfuil straitéisí chun a chinntiú gur féidir le leanaí agus daoine óga ó chúlraí a mbaineann ilghnéitheacht shóisialta agus/nó chultúrtha leo a bheith rannpháirteach san fhéile
- Ina dtugtar deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga bheith rannpháirteach sa chlár ealaíne agus eolas a dhéanamh dá phleanáil agus/nó a mheasúnú.

### 1.4 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh faoi Bhanda C?

Is féidir le heagraíochtaí a chuireann **féilte** a bhfuil aidhm ealaíonta shoiléir acu chun cinn agus a bheidh ar siúl **idir an 1 Eanáir agus an 30 Meitheamh 2022** cur isteach ar Bhabhta 1 de Scéim Infheistíochta na bhFéilte.

Le bheith i dteideal iarratas a dhéanamh faoi BHANDA C, ní mór d'eagraíocht is iarratasóir na riachtanais seo a leanas a shásamh:

- A chinntiú go gcuirfear príomhghníomhaíocht na féile ar siúl i bPoblacht na hÉireann
- Go bhfuil sí ar an bhfód le cúig bliana ar a laghad agus go bhfuil sí tar éis cúig chlár féile as a chéile a chur i gcrích (ní chaithfidh siad a bheith maoinithe ag an gComhairle Ealaíon)
- Ní féidir le heagraíocht ach iarratas amháin sa bhliain a dhéanamh faoi Scéim Infheistíochta na bhFéilte (i.e. iarratas amháin i mbanda amháin gach bliain féilire).
- Mar chuid dá Beartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do **chomhionannas rochtana, deiseanna agus torthaí** a chur ar fáil do gach iarratasóir, beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta nó teaghlaigh, creideamh, aois, míchumas, cine nó duine den Lucht Siúil, nó cúlra socheacnamaíoch. Sa scéim mhaoinithe seo, cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte ar leith roimh iarratais ó gach cuid de shochaí na hÉireann, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta d'aon cheann de na tréithe a luaitear thuas, agus/nó tionscnaimh a chuireann deiseanna nó torthaí cothroma ar fáil dóibh siúd atá bainteach léi.

### 1.5 Cé hé an t-iarratasóir?

Is é an t-iarratasóir an eagraíocht a gheobhaidh aon mhaoiniú a bheidh á thairiscint agus a bheidh freagrach as téarmaí agus coinníollacha an mhaoinithe sin a ghlacadh.

Ní íocfar aon mhaoiniú a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá i seilbh in ainm eagraíocht an iarratais.

Ní mór go mbeadh na cáipéisí go léir a chuirfear ar fáil in ainm na heagraíochta atá i mbun iarratais – e.g. má dhéanann tú iarratas chuig an gComhairle Ealaíon ar mhaoiniú faoin ainm

Coiste Fhéile Ealaíon an Bhaile Nua, ní mór go mbeadh gach cáipéis, lena n-áirítear sonraí bainc agus sonraí cánach, san ainm sin.

### 1.6 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá siad seo a leanas i measc na n-eagraíochtaí nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh faoin scéim:

- Eagraíochtaí a bhfeilfeadh a ngníomhaíochtaí beartaithe níos fearr do scéim maoinithe eile de chuid na Comhairle Ealaíon
- Eagraíochtaí tráchtála a roinneann an brabús ar a gcuid ball
- Eagraíochtaí atá lonnaithe thar lear: féadfaidh iarratasóirí atá lonnaithe i bPoblacht na hÉireann, áfach, comhoibriú le heagraíocht atá bunaithe thar lear
- Eagraíochtaí ina bhfuil an ghné is suntasaí den chlár iomaíoch
- Eagraíochtaí atá ag fáil nó atá ag déanamh iarratais ar Mhaoiniú Straitéiseach, Maoiniú Comhpháirtíochta nó Maoiniú Ionaid Ealaíon
- Eagraíochtaí a rinne iarratas ar Mhaoiniú Deontais do na hEalaíona 2022 le tabhairt faoin gclár gníomhaíochta céanna
- Eagraíochtaí a mbeidh a ngníomhaíocht féile bheartaithe ar siúl mar chuid d'fhéile arna thacú ag clár Maoinithe Straitéisigh na Comhairle Ealaíon.

### 1.7 Céard is féidir leat iarratas a dhéanamh air?

| | |
|---|---|
| Is é an t-uasmhéid a dhámhfar ar iarratasóir rathúil: | €35,000 |

Féadfaidh tú iarratas a chur isteach ar mhaoiniú i dtaca le costais a bhfuiltear ag súil leis go dtabhóidh d'fhéile iad. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- Táillí na n-ealaíontóirí (táillí taibhithe san áireamh)
- Costais chíosa ionad tionóil
- Costais foirne (e.g. tacaíocht riaracháin, theicniúil agus fáiltithe a bhfuil baint dhíreach aici leis an bhféile)
- Forbairt an lucht féachana/éisteachta – gníomhaíocht a dhéantar chun caidreamh leanúnach a bhunú le lucht féachana/éisteachta nua agus leis an lucht féachana/éisteachta atá ann cheana féin
- Costais mhargaíochta agus phoiblíochta
- Costais theicniúla agus léiriúcháin
- Costais taistil agus costais a bhíonn ar na healaíontóirí.

Chomh maith leis na gnáth-theorainneacha a luaitear thuas, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon costais a mheas a bhaineann go sainiúil le healaíontóirí faoi mhíchumas a bheith ag saothrú ealaíne. Más mian leat cur isteach ar mhaoiniú breise ar an mbonn sin, ba cheart duit faisnéis a chur ar fáil le d'iarratas ag sonrú na gcostas breise sin.

**Cé mhéad maoinithe ar féidir leat iarratas a dhéanamh air?**

Is ionann an t-uasmhéid maoinithe is féidir leat a iarraidh agus an difríocht idir an **caiteachas beartaithe** agus an t-**ioncam beartaithe** a shonraíonn tú sa bhuiséad. Níor cheart go mbeadh an figiúr seo níos ísle ná €20,001 ná níos airde ná teorainn an bhanda €35,000.

*(Má tá maoiniú á lorg agat idir €7,001 agus €20,000, ba cheart duit iarratas ar Bhanda B a chomhlánú ina ionad). (Má tá maoiniú á lorg agat ar níos lú ná €7,000, ba cheart duit iarratas ar Bhanda A a chomhlánú ina ionad).*

- Ba cheart go n-áireofaí leis an gcaiteachas beartaithe táillí na n-ealaíontóirí*, costais taistil, cíos ionad tionóil, costais theicniúla, costais mhargaíochta agus phoiblíochta, costais riaracháin, etc. **Níor cheart** sochar comhchineáil a áireamh ann
- Ba cheart go n-áireofaí leis an ioncam beartaithe an méid airgid a shíleann tú a gheofar ó mhaoinitheoirí eile, fáltais ó dhíol ticéad, díolacháin chlár, etc. **Níor cheart** sochar comhchineáil (BIK)** a áireamh ann.

| | |
|---|---|
| ***Nóta maidir le pá ealaíontóirí** | Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do phá agus coinníollacha ealaíontóirí a fheabhsú. D'fhoilsíomar beartas maidir le luach saothair agus conraitheoireacht chóir chothrom ealaíontóirí. Tá sé tábhachtach go léann tú an beartas sin sula ndéanann tú d'iarratas. |
| ****Nóta i dtaobh tacaíocht sochar comhchineáil** | Má tá tú ag súil le tacaíocht sochar comhchineáil a fháil, is gá duit luach airgeadais a chur uirthi ionas go mbeidh an méid a chuireann sí le fíorluach do thogra soiléir. **Ní mór é seo a iontráil i gcuid 5.5 d'iarratas ar Bhanda C amháin.**<br>Ní féidir am a thugann na stiúrthóirí nó comhaltaí boird a áireamh mar chostas sochar comhchineáil. |

Iarrtar ort an t-ioncam, an caiteachas agus an méid atá á iarraidh agat a shonrú ag dhá chéim le linn d'iarratais:

- Ar líne, nuair a chuireann tú tús leis an iarratas (NÍOR cheart sochair chomhchineáil a áireamh anseo)
- I gcuid 5 den fhoirm iarratais.

Cinntigh go bhfuil na figiúirí iomlána mar an gcéanna sa dá chás, agus cinntigh gurb ionann an méid atá á iarraidh agus CAITEACHAS IOMLÁN lúide IONCAM IOMLÁN.

### 1.8 Céard nach féidir leat iarratas a dhéanamh air?

I measc na ngníomhaíochtaí agus na gcostas nach féidir leat cur isteach orthu, tá siad seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí nach mbaineann leis na healaíona – e.g. imeachtaí a bhaineann le hoidhreacht nó le ceardaíocht, iad siúd ar imeachtaí tráchtála, aontaí bia nó imeachtaí spóirt iad go príomha
- Cláir oiliúna do dhaoine aonair nó cláir a bhíonn ar siúl i dtimpeallacht oideachais fhoirmiúil nuair nach bhfuil baint ag an bpobal áitiúil leis an ngníomhaíocht sin
- Gníomhaíochtaí a bhí ar siúl cheana féin nó a gcuirfear tús leo sula ndéanfar cinneadh faoi d'iarratas

- Gníomhaíochtaí chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó a bheidh ar siúl go príomha chun brabús a dhéanamh
- Comhdhálacha nó siompóisiamaí acadúla aonuaire nach mbíonn buntáiste don phobal i gcoitinne iontu
- Féilte a bheidh ar siúl taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann mura dtéann príomhbhuntáiste na féile chun leas Phoblacht na hÉireann
- Costais chaipitil, ar nós trealamh a cheannach.
- Imeachtaí iomaíocha

**1.9 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?**

Anuas ar d'fhoirm iarratais, agus ar leithligh ar fad, d'fhonn a bheith incháilithe le haghaidh measúnú ar mhaoiniú faoi Bhanda C de Scéim Infheistíochta na bhFéilte, **caithfidh** tú an t-ábhar tacaíochta éigeantach seo a leanas a chur isteach ar líne:

**<u>Éigeantach</u>**

**1. Litreacha tacaíochta.** Is fianaise iad ar:

- Aon chomhpháirtíocht le healaíontóirí nó le heagraíochtaí ealaíon, scoileanna nó grúpaí pobail, eagraíochtaí áitiúla nó ionaid ealaíon.
- Tacaíocht/urraíocht airgeadais dá ndearnadh tagairt sa bhuiséad beartaithe.

Cumhdaíonn litreacha tacaíochta meabhrán tuisceana, litir thairisceana, ráiteas tacaíochta i scríbhinn, nó a leithéid de cháipéis. Caithfidh baint a bheith ag na cáipéisí a chuirtear ar fáil le do chlár beartaithe do 2022. **Ní ghlacfaimid le cáipéisíocht a bhaineann le tionscail féile roimhe seo.**

**Tabhair faoi deara:** agus do litreacha tacaíochta á réiteach agat ba cheart duit iad a chur ar fáil ón éagsúlacht páirtithe leasmhara is fearr a thugann le fios agus a léiríonn réimse comhpháirtíochtaí na féile. Féadfaidh tú **deich** litir ar a mhéad a chur ar fáil i gcáipéis amháin.

**2. Cóip de do bhróisiúr féile is déanaí.**** Glacfar le haon cheann de na foirmeacha seo a leanas:

- Bróisiúr na féile nó
- Seatanna scáileáin ó shuíomh gréasáin d'fhéile a thaispeánann clár d'fhéile nó
- Cáipéis a liostaíonn clár na ngníomhaíochtaí a bhí ar siúl.

**(Ní ghlacfar le naisc chuig suíomhanna gréasáin.)** Féach ar chuid 2.3 do na formáidí comhaid a nglactar leo.

***Má tá iarratas a dhéanamh agat ar fhéile nua, tabhair CVanna na ndaoine atá ag bainistiú do thionscadail, seachas bróisiúir/cláir.

**Tabhair faoi deara**

- Má bhí d'fhéile is déanaí ina clár digiteach, ba chóir duit na sonraí maidir leis an gclár seo a chur san áireamh.

- Má cuireadh d’fhéile ar ceal in 2021 nó in 2020 agus má bhí d’fhéile is déanaí ar siúl in 2019, ba chóir duit sonraí an chláir seo a chur ar fáil. Ba chóir duit a shoiléiriú cathain a tharla do chlár féile is déanaí agus d’iarratas á dhéanamh.

**3.** Buiséad mionsonraithe ina leagtar amach ioncam agus caiteachas maidir leis an **gclár beartaithe do 2022**; ní mór é sin a chur isteach mar cháipéis ar leith (i.e. scarbhileog) agus é **sa mhullach** ar an bhfaisnéis bhuiséid atá san iarratas.

**Tabhair faoi deara:** agus buiséad mionsonraithe á réiteach ba cheart duit eolas a thabhairt faoin gcaoi ar ríomh tú do chaiteachas agus d’ioncam – e.g. má thuartar go dtuillfidh ceann de na himeachtaí €4,000, d’fhéadfaí é sin a chur in iúl mar 400 ticéad x €10 an ticéad = €4,000. Ba cheart na cineálacha ríofa sin a úsáid do gach líne de do bhuiséad d’fhonn sonraí níos fearr a thabhairt don té a mbeidh i mbun measúnú ar d’iarratas.

**<u>Éigeantach más infheidhmithe</u>**

- Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, ní mór duit cóip den cháipéis *Beartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Ainmhithe* de do chuid a chur ar fáil.

**Tábhachtach:** measfar nach mbeidh d’iarratas incháilithe mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta éigeantach isteach.

### 1.10 Incháilitheacht

Measfar go bhfuil d’iarratas **neamh-incháilithe** agus ní chuirfear é chun cinn go dtí an chéad chéim eile den phróiseas iarratais ar Bhanda C má bhaineann aon cheann de na rudaí seo a leanas leis:

1. Chuir tú an t-iarratas isteach i ndiaidh an spriocdháta.
2. Níor chomhlánaigh tú gach cuid den fhoirm iarratais a bhaineann le do thogra.
3. Níl tú incháilithe iarratas a dhéanamh faoi na critéir a leagtar amach i gcuid 1.4 agus i gcuid 1.6 thuas.
4. Chuir tú iarratas isteach le haghaidh gníomhaíochta nó cuspóra nach féidir iarratas a dhéanamh ina leith faoi mar a leagtar amach i gcuid 1.8 thuas.
5. Níor chuir tú gach ceann de na hábhair thacaíochta riachtanacha mar a leagtar amach i gcuid 1.9 thuas ar fáil.
6. Tá d’iarratas níos oiriúnaí do chlár maoinithe eile a thairgeann an Chomhairle Ealaíon nó gníomhaireacht mhaoinithe eile (cuirfimid an deis maoinithe níos oiriúnaí in iúl duit sa chás seo).

**Tabhair faoi deara:** sa chás go meastar go bhfuil d’iarratas ar Bhanda C neamh-incháilithe, ní dhéanfar measúnú air.

# 2. D'iarratas a dhéanamh

## 2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon; ní ghlacfar le hiarratais a dhéanfar ar bhealach ar bith eile (sa phost, ar facs nó ar ríomhphost).
Ní mór go mbeadh cuntas Seirbhísí ar Líne agat chun iarratas a dhéanamh. Mura bhfuil cuntas Seirbhísí ar Líne agat cheana féin, cláraigh do chuntas tríd an bhfoirm chlárúcháin a chomhlánú anseo: https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge.

Laistigh de chúig lá oibre, seolfar ARN (Uimhir Thagartha Ealaíontóra) uathúil agus pasfhocal chugat (i ríomhphost), agus beidh tú in ann úsáid a bhaint astu chun logáil isteach ar na Seirbhísí ar Líne.

**Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid**

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na Seirbhísí ar Líne duit:

| | |
|---|---|
| Ríomhaire | Windows 7 nó níos déanaí<br>le<br>Internet Explorer 8.0 nó níos déanaí NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 33 nó níos déanaí |
| Mac | Mac OS X v10.5 Leopard nó níos déanaí<br>*le*<br>Safari 3.1 nó Safari 10 NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 32 nó níos déanaí<br>Tabhair faoi deara: má choisceann Safari 11 uaslódáil cáipéisí, uasghrádaigh do bhrabhsálaí Safari, nó úsáid Firefox nó Chrome |

**Tabhair faoi deara:** Ní mór go mbeadh Microsoft Word nó OpenOffice Writer ar an ríomhaire freisin chun an fhoirm iarratais a chomhlánú. Is bogearraí saor in aisce é OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil ó http://www.openoffice.org.

**Úsáideoirí OpenOffice:**

**Ní mór duit** OpenOffice Writer leagan 4.0.1 nó níos luaithe a úsáid. Nuair a úsáidtear leaganacha níos déanaí ná 4.0.1 de OpenOffice Writer athraíonn an chaoi a bhfeictear ár bhfoirmeacha iarratais nuair a chuirtear isteach trí Sheirbhísí ar Líne iad.

**Nóta tábhachtach le haghaidh úsáideoirí Apple Mac:** ní féidir leat OpenOffice 4.0.1 a íoslódáil ar Mac a bhfuil córas oibriúcháin macOS Catalina air. Má tá an córas oibriúcháin seo nó leagan níos déanaí de suiteáilte ar do Mac, beidh ort leagan 4.1.9 de OpenOffice a íoslódáil agus a úsáid.

Féach ar ár bhfíseán *Using OpenOffice to download, complete and upload the application form* ag https://www.youtube.com/watch?v=iT9XxgmgoEo.

Má úsáideann tú Apple Mac, tabhair faoi deara an chuid (ag 1 nóiméad 20) a phléann le leagan 4.0.1 a íoslódáil ar ríomhairí Mac a bhfuil córas oibriúcháin macOS Mojave nó leagan níos luaithe suiteáilte orthu.

**Tabhair faoi deara: Teastaíonn OpenOffice 4.1.7 nó leagan níos déanaí ó Mac OS 10.15 Catalina agus ó leaganacha níos déanaí.**

Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.

**Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chomhlánú**

Ba cheart duit eolas a chur ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne tamall maith roimh an spriocdháta agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh tráthnóna an spriocdháta. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

D'fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapfá d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

**Tacaíocht theicniúil**

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ach ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie nó trí ghlaoch a chur ar 01 6180200/ 01 6180243. Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn tamall maith roimh an spriocdháta. Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt.

Déileálaimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

Cuimhnigh go ndéantar anrud glaonna ag druidim leis an spriocdháta agus go mb'fhéidir nach réiteofar glaonna i dtaobh tacaíocht theicniúil a gheofar tar éis **2.30pm ar an dáta deiridh** roimh an spriocdháta.

### 2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais

Mura bhfuil sé seo déanta agat cheana féin, íoslódáil an fhoirm iarratais don dámhachtain ar mian leat iarratas a dhéanamh uirthi. Is cáipéis atá comhoiriúnach le Microsoft Word/OpenOffice Writer í an fhoirm iarratais, a chomhlánóidh tú as líne (ar do ríomhaire féin). Tugtar treoir ar an bhfoirm iarratais maidir le conas gach cuid den fhoirm a líonadh isteach.

**Tabhair faoi deara:** tá an fhoirm iarratais leagtha amach chun go mbeidh an Chomhairle Ealaíon in ann faisnéis a bhaint uaithi chun críoch measúnaithe. Tá sé **thar a bheith tábhachtach** go mbeidh freagraí clóscríofa sna boscaí liatha ar an bhfoirm, agus nach mbainfear iad agus/nó nach mbeidh rud ar bith clóscríofa lasmuigh díobh. Má dhéanann tú é sin, beidh fadhbanna ann agus d'fhoirm á huaslódáil.

**Do chás a chur i láthair**

Chun an cás is fearr a chur i láthair maidir leis an bhfáth ar cheart duit maoiniú a fháil, ba cheart duit breithniú an-chúramach a dhéanamh ar a gcuirfidh tú sna codanna seo a leanas den fhoirm iarratais:

**Cuid 2: D'eagraíocht**

| | |
|---|---|
| 2.2 Cuntas teiste | Cuireann an méid a scríobhann tú anseo ar an eolas muid faoi chaighdeán d'oibre féile roimhe seo. Ba cheart go n-áireofaí measúnú ar d'fhéile dheireanach, torthaí nó aon rud a foghlaimíodh, aon rud a fágadh le hoidhreacht don phobal áitiúil, staitisticí ábhartha ar bith. Féach ar chuid **1.1 Tosaíochtaí agus cuspóirí na scéime** |
| 2.3 Cé atá bainteach le do thionscadal? | Tabhair an méid faisnéise dúinn agus is féidir faoi na healaíontóirí agus na heagraíochtaí sin a bheidh ag glacadh páirte i d'fhéile, chomh maith le sonraí faoi na daoine a bheidh i mbun bainistiú ar an tionscadal.<br>Má tá do liosta an-fhada, b’fhéidir go mbeadh ort leanúint leis ar bhileog eile agus í a uaslódáil le d’ábhair thacaíochta. |
| **Cuid 3: Do thogra** | |
| 3.2 Achoimre ar do thogra | Déan achoimre ar do thogra (suas le trí phointe ghearra). |
| 3.3 Sonraí faoi do thogra | Beidh an méid a scríobhfaidh tú anseo ina chuid lárnach de d’iarratas, agus ba cheart go gcabhródh sé leis na daoine a mbeidh baint acu le measúnú a dhéanamh ar do thogra tuiscint a fháil ar an rud is mian leat a dhéanamh, cén chaoi agus cén fáth.<br>Cuntas mionsonraithe is ea do chlár beartaithe ar na himeachtaí/gníomhaíochtaí ar mian leat a bhaint amach, agus ba cheart duit breac-chuntas a thabhairt air agus ar an gcaoi a mbaineann sé le do bheartas ealaíne – i.e. réasúnaíocht agus fís d’fhéile.<br>B’fhéidir nach bhfuil do chlár beartaithe críochnaithe go hiomlán fós má tá tú sna céimeanna luatha den phleanáil. Más amhlaidh an cás, bheimis ag súil go dtabharfá le fios na cineálacha tionscadal/clár a bhfuil sé i gceist agat a chur i láthair. Ba cheart duit a chinntiú go mbaineann sé seo le réasúnaíocht agus fís d’fhéile. |
| 3.4 Cuspóirí na féile | Tabhair breac-chuntas anseo ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe agat freastal ar na cuspóirí agus na tosaíochtaí maidir le féilte.<br>Féach ar chuid **1.2 Cuspóirí agus tosaíochtaí maidir le féilte** |
| 3.5 Cuspóirí na foirme ealaíne | Tabhair breac-chuntas anseo ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe agat freastal ar na cuspóirí agus na tosaíochtaí maidir le foirmeacha ealaíne/cleachtais ealaíne.<br>Féach ar chuid **1.3 Cuspóirí agus tosaíochtaí maidir le cleachtais ealaíon/foirmeacha ealaíne aonair** |

| | |
|---|---|
| 3.6 Ceannaireacht ealaíne | Tabhair breac-chuntas anseo ar an gcaoi a léiríonn do thogra tiomantas do chomhoibriú ealaíne, comhléiriú, coimisiúnú, cruthú saothair nua nó forbairt foirme ealaíne nó ealaíontóirí. Tabhair fianaise ar conas a bheidh an saothar sin ina chuid den chlár beartaithe. |

**Cuid 4: Páirtithe Leasmhara**

4.1 Tairbhithe

***I gcomhair ghníomhaíocht 2022***

Tabhair figiúirí measta réadúla do d’fhéile in 2022.

***I gcomhair ghníomhaíocht 2021***

Tabhair figiúirí infhíoraithe le haghaidh d'fhéile is deireanaí in 2021* (d'fhéadfaí taifid na hoifige ticéad, díolacháin, taifid freastail a chur san áireamh).

* Murar tharla d’fhéile go fóill in 2021, tabhair meastacháin ina n-ionad.

***I gcomhair ghníomhaíocht 2020***

Tabhair figiúirí infhíoraithe le haghaidh d'fhéile deireanaí in 2020** (d'fhéadfaí taifid na hoifige ticéad, díolacháin, taifid freastail a chur san áireamh).

** Má cuireadh clár d’fhéile ar ceal mar gheall ar bhearta srianta COVID-19, iontráil ‘náid’ sna boscaí ‘gníomhaíocht in 2020’.

**Cineálacha tairbhí**

- Tuigtear gurb iad ‘**Ealaíontóirí**’ na cruthaitheoirí, taibheoirí, láithreoirí agus éascaitheoirí gníomhaíochta ealaíne
- Tuigtear gurb iad na ‘**Rannpháirtithe**’ na daoine sin a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí seachas iad a threorú – e.g. iad siúd a ghlacann páirt i ngníomhaíocht phobail (e.g. paráid sráide) nó a oibríonn go deonach le tacú le gníomhaíochtaí d’fhéile. Ní hionann iad agus an lucht féachana/éisteachta.
- Is ionann **'lucht féachana (beo)'** agus an lucht freastail, cuairteoirí, léitheoirí, éisteoirí, breathnóirí agus foghlaimeoirí.

(Níl freagairtí a bhaineann le spreagthaí margaíochta amháin – e.g. cuairteanna ar shuíomh gréasáin, clárú le haghaidh liosta seoltaí – san áireamh i rannpháirtíocht lucht féachana.)

| | |
|---|---|
| 4.2 Gníomhaíocht mheasta | Tabhair figiúirí measta do d’fhéile in 2022.<br>**Cineálacha gníomhaíochta**<br>• Maidir le fostaíocht na n-ealaíontóirí a ríomh ar bhonn laethanta, ba cheart líon na n-ealaíontóirí a iolrú faoi líon na laethanta ar a mbeidh siad fostaithe.<br>• Maidir le líon na laethanta taispeántais nó taibhithe a ríomh, ba cheart líon na n-imeachtaí a iolrú faoi líon na laethanta ar a mbeidh an t-imeacht ar siúl (e.g. is ionann dhá thaispeántas a bheidh ar siúl ar feadh seachtain iomlán agus 2 x 7 lá = 14 lá taispeántais san iomlán)<br>• Maidir le líon na seisiún le haghaidh oideachais, oiliúna nó rannpháirtíochta a ríomh, beidh suas le trí uair an chloig i gceist le seisiún amháin. |
| 4.3 Tacaíocht ó údarás áitiúil | Tabhair breac-chuntas gairid ar an gcaoi a réitíonn do chlár féile le tosaíochtaí phlean ealaíne d’údaráis áitiúil (nuair is cuí).<br>Is féidir na nithe seo a dhéanamh:<br>• Tabhair breac-chuntas ar aon chaidreamh leanúnach atá agat le d’údarás áitiúil a chreideann tú a láidríonn do thogra.<br>• Tabhair breac-chuntas ar aon tacaíochtaí a fhaigheann tú ó d’údarás áitiúil i dtreo ghníomhaíocht d’fhéile. |
| **Cuid 5: Airgeadas** | |
| 5.1 Caiteachas a bhaineann le d’iarratas | Ní liostaítear ach do chaiteachas airgid amháin sa chuid seo. Seo na míreanna ar fad a n-íocann d’eagraíocht astu chun a chinntiú go reáchtáiltear gníomhaíocht d’fhéile.<br>Nuair a liostaítear na míreanna caiteachais ar fad, ba cheart iomlán a thabhairt ag íochtar an leathanaigh.<br>**<u>Níor cheart</u>** duit sochair chomhchineáil a liostú sa chuid seo. Ba cheart iad sin a liostú astu féin i gcuid 5.5.<br>Féach ar chuid **1.7 Céard is féidir leat iarratas a dhéanamh air** |
| 5.2 Ioncam a bhaineann le d’iarratas | Ní liostaítear ach d’ioncam airgid amháin sa chuid seo. Seo an t-ioncam airgid a gheobhaidh d'eagraíocht chun a chinntiú go reáchtáiltear gníomhaíocht d’fhéile.<br>Nuair a liostaítear na míreanna ioncaim ar fad, ba cheart iomlán a thabhairt ag íochtar an leathanaigh.<br>**Céard ba cheart duit a áireamh:**<br>Má bhí barrachas ag d’fhéile ó chlár roimhe seo agus má tá sé i gceist agat é seo a úsáid i gcomhair d’fhéile beartaithe, |

| | |
|---|---|
| | cinntigh go liostaítear é seo.<br>**Céard NÁR cheart duit a áireamh:**<br>**Níor cheart** duit sochair chomhchineáil a liostú sa chuid seo. Ba cheart iad sin a liostú astu féin i gcuid 5.5.<br>Féach ar chuid **1.7 Céard is féidir leat iarratas a dhéanamh air** |
| 5.3 An tsuim atá á hiarraidh agat ar an gComhairle Ealaíon | Cinntigh gurb ionann an méid atá á iarraidh agus CAITEACHAS IOMLÁN lúide IONCAM IOMLÁN.<br>Níor cheart go mbeadh an méid maoinithe a iarrann tú níos ísle ná €20,001 ná níos airde ná teorainn an bhanda €35,000.<br>*(Má tá maoiniú á lorg agat idir €7,001 agus €20,000, ba cheart duit iarratas ar Bhanda B a chomhlánú ina ionad).*<br>*(Má tá maoiniú á lorg agat ar níos lú ná €7,000, ba cheart duit iarratas ar Bhanda A a chomhlánú ina ionad).*<br>Féach ar chuid **1.7 Céard is féidir leat iarratas a dhéanamh air** |
| 5.4 Miondealú ar iarratas | Cinntigh go dtugann tú miondealú ar conas a chaithfear an t-airgead atá á lorg agat ón gComhairle Ealaíon.<br>Ba cheart na míreanna a shuimiú, agus ba cheart go mbeadh an t-iomlán mar a chéile leis an bhfigiúr a d'iontráil tú i gcuid 5.3 den fhoirm iarratais.<br>Féach ar chuid **1.7 Céard is féidir leat iarratas a dhéanamh air** |
| 5.5 Sochair chomhchineáil | Ba cheart duit do shochair chomhchineáil a liostú sa tábla seo. Is é an sainmhíniú atá ar shochar comhchineáil ná aon seirbhís iníoctha a chuirtear ar fáil saor in aisce. D'fhéadfaí am a thabhairt go deonach nó trealamh, seirbhísí nó ionaid ealaíon agus spásanna a chur ar fáil a áireamh anseo.<br>Ba cheart na míreanna a shuimiú agus iomlán a thabhairt.<br>Má tá an comhionann airgid á ríomh agat i leith am a thabhairt go deonach, ba cheart duit ráta €22 san uair ar gach oibrí deonach a úsáid. |
| 5.6 Pá agus coinníollacha d'ealaíontóirí | Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do phá agus coinníollacha ealaíontóirí a fheabhsú. D'fhoilsíomar beartas maidir le luach saothair agus conraitheoireacht chóir chothrom ealaíontóirí. **Tá sé tábhachtach go léifeá tú an beartas seo sula ndéanann tú d'iarratas.**<br>Sa chuid seo, ba cheart duit breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi a gcinnteoidh tú pá cóir agus coinníollacha cearta |

| | |
|---|---|
| | do na healaíontóirí a oibríonn leat. Ba cheart duit freisin breac-chuntas gairid a thabhairt ar an gcaoi ar mheas tú na táillí a íocann tú le d’ealaíontóirí agus aon chomhairle a lorg tú i ndáil le táillí nó rátaí pá.<br>Cabhróidh na freagraí a thabharfaidh tú linn indéantacht d’iarratais a mheas. |
| **Cuid 6: Bainistíocht tionscadal** | |
| 6.1 Eagrúchán agus cur i gcrích | Maidir leis an méid a scríobhann tú anseo, ba cheart go gcabhródh sé leis na daoine a bheidh i mbun measúnú ar d'iarratas an taithí atá agat ar thionscadal a chur i gcrích, agus a indéanta atá do thogra, a thuiscint.<br>D’fhonn tuiscint shoiléir a thabhairt dúinn faoin gcaoi a mbainistítear d’fhéile – e.g. d’fhéadfá breac-chuntas a thabhairt ar do struchtúr bainistíochta, feidhm aon choistí bainistíochta, cé atá freagrach as cé na gnéithe de sheachadadh na féile, nó an chaoi a bhfaightear foireann don fhéile.<br>**Tabhair faoi deara**<br>Ba cheart duit a áireamh freisin cén tionchar a bheidh ag srianta sláinte poiblí an rialtais ar d’fhéile agus cé na bearta teagmhais COVID-19 atá curtha i bhfeidhm agat le réiteach dóibh sin mar chuid de do phleanáil. Is féidir plean teagmhais a chur isteach mar ábhar tacaíochta roghnach. |
| 6.2 Plean gníomhaíochta | Ba cheart go mbeadh pleanáil garspriocanna agus dátaí cur i gcrích san áireamh i do phlean gníomhaíochta.<br>B’fhéidir go bhfuil dátaí cloch mhíle agat don chlár, don mhargaíocht, don cheadúnú, do dhúnadh bóithre, d'oibríochtaí, nó d’airgeadas, mar shampla, agus nuair a liostaítear iad go gcruthaíonn siad plean gníomhaíochtaí agus amlíne do thionscadal d’fhéile.<br>Ba cheart duit plean oibríochtúil d’fhéile a leagan amach sa chuid seo.<br>Féach ar chuid **1.1 Tosaíochtaí agus cuspóirí na scéime** |

| | |
|---|---|
| 6.3 Measúnú | Sa chuid seo ba cheart duit sonraí gairide a thabhairt faoin gcaoi a ndéanfaidh tú measúnú ar ghníomhaíocht d'fhéile.<br><br>B'fhéidir gurb é sin an chaoi a mbailíonn tú sonraí faoi do lucht féachana agus ealaíontóirí, taithí na gcuairteoirí ar d'fhéile, nó rath do chláir.<br><br>B'fhéidir go dtabharfá breac-chuntas chomh maith ar an gcaoi a mbeidh an measúnú seo mar bhonn agus taca ag forbairt d'fhéile amach anseo. |

**PLEAN FORBARTHA NA FÉILE**

| | |
|---|---|
| 7–12 Plean Forbartha na Féile | Is cáipéis riachtanach é Plean Forbartha na Féile atá thaobh thiar de d'iarratas. Iarrann sé ort eolas a chur ar fáil ar bhealach struchtúrtha, a leagann amach plean gníomhaíochta d'eagraíochta. Ba cheart go dtacódh an plean le d'iarratas.<br><br>Ba cheart go leagfadh an plean forbartha béim ar thosaíochtaí agus ar bheartais na heagraíochta agus ar an iarratas don tionscadal féile.<br><br>Tá an plean forbartha ann chun forbhreathnú a thabhairt ar bheartas agus ar chuspóirí fadtéarmacha na heagraíochta, agus tá an fhoirm iarratais ann chun athbhreithniú dírithe a dhéanamh ar obair féile le déanaí agus obair féile bheartaithe don bhliain atá le teacht.<br><br>Ní mór na nithe seo a leanas a chur ar fáil sa phlean forbartha:<br><br>• Cuspóir agus aidhmeanna d'eagraíochta<br>• Beartais (a leagann béim ar chleachtas maith féile: ealaíonta, rannphháirtíocht leis an bpobal, margaíocht agus caidreamh poiblí, agus tiomsú airgid)<br>• Bainistíocht airgeadais (lena n-áirítear d'fhigiúirí measta i gcomhair 2022)<br>• Pleanáil Páirtithe Leasmhara (ina n-áirítear pleananna comhpháirtíochtaí agus rialachas forbairtí)<br>• Breithmheas ar bhainistíocht riosca eagraíochtúil.<br><br>Cabhróidh sé sin leis na daoine a mbeidh baint acu le measúnú a dhéanamh ar d'iarratas tuiscint a fháil ar céard is mian leat a dhéanamh agus cén fáth. Tabharfaidh sé deis do d'eagraíocht sonraí a chur ar fáil ar na réimsí a bhí á n-iarraidh inár gcritéir mheasúnaithe.<br><br>Tabhair faoi deara: tá nótaí treorach, a chuideoidh leat an chuid seo den fhoirm (codanna 7–12) a chomhlánú le fáil |

| | |
|---|---|
| | faoi bhun gach ceiste san fhoirm iarratais. Déantar cur síos anseo ar na rudaí ba cheart duit a chur san áireamh agus gach ceist á freagairt agat.<br>Feic cuid **3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú** |

## 2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas

Ní mór duit ábhar tacaíochta éigeantach breise a chur isteach le d’iarratas ar mhaoiniú faoi Scéim Infheistíochta na bhFéilte. Féach ar chuid **1.9 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d’iarratas?**

Ní mór an t-ábhar tacaíochta uile den sórt sin a chur isteach ar líne. Ní mór duit, más gá, ábhar a scanadh nó a shábháil i bhformáid leictreonach.

### Na formáidí comhaid a nglactar leo

Liostaítear sa tábla seo a leanas na formáidí comhaid atá inghlactha mar chuid d’iarratas.

| Cineál comhaid | Iarmhír comhadainm |
|---|---|
| Téacschomhaid | .rtf/.doc/.docx/.txt |
| Comhaid íomhá | .jpg/.gif/.tiff/.png |
| Comhaid fuaime | .wav/.mp3/.m4a |
| Comhaid físe | .avi/.mov/.mp4 |
| Scarbhileoga | .xls/.xlsx |
| Comhaid Adobe Acrobat Reader | .pdf |

Ar mhaithe le háisiúlacht, bailigh le chéile na comhaid go léir a theastóidh uait in áit inrochtana ar do ríomhaire.

### Naisc YouTube a chur isteach

Féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar YouTube (www.youtube.com) seachas an t-ábhar a uaslódáil go díreach. Chun é sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (seoladh iomlán na háite ina bhfuil d’ábhar á óstáil ar YouTube) isteach i gcáipéis Microsoft Word nó OpenOffice Writer agus uaslódáil í mar cháipéis tacaíochta ina bhfuil nasc gréasáin.

**Tabhair faoi deara:** ní mór go mbeadh aon naisc a chuireann tú ar fáil á n-óstáil ar YouTube. Ní fhéachfar ar naisc le suíomhanna eile óstála gréasáin.

Seiceáil go n-oibríonn an nasc ó laistigh den cháipéis a uaslódálfaidh tú – i.e., go nascann sé i gceart le d’ábhar ar YouTube.

Mura mian leat go mbeadh ábhar a uaslódálann tú chuig YouTube chun críocha d’iarratais le feiceáil go poiblí, féadfaidh tú d’fhíseán a ainmniú mar cheann ‘neamhliostaithe’ sna socruithe.

**Comhaid a ainmniú go cuí**

Maidir le gach comhad a bhfuil sé ar intinn agat é a uaslódáil, tabhair comhadainm air a léiríonn go soiléir a bhfuil ann nó a léirítear leis. Mar shampla, ba cheart go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, téacs samplach nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa cháipéis.

Cuir ábhar ealaíne agus cáipéisí tacaíochta eile (lena n-áirítear an buiséad agus CVanna) isteach i gcomhaid ar leith atá ainmnithe go cuí.

| | |
|---|---|
| **Ainmneacha maithe le tabhairt ar chomhad i gcás iarratais ó Fhéile Ealaíon an Bhaile Nua** | an baile nua iarratas féile.doc<br>an baile nua gearrthóg de thaibhiú.mp4<br>an baile nua dréachtbhuiséad féile.xls<br>an baile nua Beartas um Chosaint Leanaí.docx<br>an baile nua nasc youtube.doc |

Is é **40 MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

## 2.4 D’iarratas a dhéanamh ar líne

Chun d’iarratas a chur isteach ar líne, ní mór duit dul trí cheithre phríomhchéim. Cliceáil ar **Sábháil dréacht** ag deireadh gach céime. Is féidir leat teacht ar ais chuig d’iarratas agus é a athbhreithniú tráth ar bith sula gcuirfidh tú isteach ar deireadh é.

**1. Roghnaigh clár maoinithe agus íoslódáil an fhoirm iarratais**

Chun tús a chur le hiarratas nua, cliceáil ar an gcnaipe **Déan iarratas** ar do leathanach baile, agus lean na leideanna chun an clár cuí maoinithe a roghnú agus chun uimhir uathúil thagartha a thabhairt do d’iarratas, trína n-aithneofar é. Ag an gcéim seo, is féidir leat an fhoirm iarratais a íoslódáil freisin (mura bhfuil sé sin déanta agat cheana féin).

**2. Iarr méid an mhaoinithe**

Ag an gcéim seo, sonraigh an caiteachas agus an t-ioncam a bhaineann le do thogra, agus méid an mhaoinithe atá á iarraidh agat. Ba cheart gurb ionann an méid a iarrtar agus **caiteachas iomlán** lúide **ioncam iomlán**. Ba cheart go mbeadh na figiúirí deiridh a iontrálann tú anseo díreach cosúil leo siúd a iontrálann tú i gcuid 5 den fhoirm iarratais.

**3. Uaslódáil an fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta**

Lean na leideanna chun d’fhoirm iarratais atá comhlánaithe agus sábháilte, bróisiúir, litreacha tacaíochta, teimpléad buiséid agus aon ábhar tacaíochta riachtanach eile (féach ar chuid **1.9 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d’iarratas?**) a uaslódáil. Ní gá duit gach rud a uaslódáil ag an am céanna. Is féidir leat d’iarratas a shábháil mar dhréacht, agus teacht ar ais chuige níos déanaí.

**4. Seol an t-iarratas**

Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil gach rud atá de dhíth chun tacú le d’iarratas uaslódáilte agat, cliceáil **Cuir isteach**.

Ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost ina dhiaidh sin. Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn nuair a gheobhaidh an Chomhairle Ealaíon d’iarratas. D’fhéadfá an dara ceann a fháil cúpla nóiméad ina dhiaidh sin agus d’uimhir iarratais ann, a úsáidfear i ngach comhfhreagras a bhainfidh leis an iarratas seo. **Tabhair faoi deara**: tá sé tábhachtach go rachfá i dteagmháil

le onlineservices@artscouncil.ie **mura bhfaigheann tú** an dara ríomhphost deimhnithe ina mbeidh an uimhir iarratais.

# 3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas

### 3.1 Forbhreathnú

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, tugann sí breith orthu agus cuireann sí a breith in iúl do na hiarratasóirí de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh.

### 3.2 An próiseas measúnaithe

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:

1 I ndiaidh d'iarratas a chur isteach, ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost:

- Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn, agus admhófar d'iarratas leis.
- Ba cheart go dtiocfadh an dara ceann cúpla nóiméad ina dhiaidh sin. Beidh d'uimhir iarratais ann, a mbainfimid úsáid aisti sa chomhfhreagras ar fad faoi d'iarratas.

**Tabhair faoi deara:** ní chiallaíonn na ríomhphoist seo ach go n-aithníonn an córas ar líne gur chuir tú iarratas isteach. Ní chiallaíonn siad go bhfuil d'iarratas incháilithe le haghaidh maoiniú.

Mura bhfaigheann tú ríomhphost ina mbeidh d'uimhir iarratais, téigh i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie

2 Seiceáiltear inghlacthacht an iarratais. Féach ar chuid **1.10 Incháilitheacht** thuas.

3 I roinnt cásanna, b'fhéidir nach é an réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air an ceann is oiriúnaí do do thogra. I gcás mar sin, déanfaimid teagmháil leat agus fiafróimid díot an bhfuil tú sásta go mbogfaimid d'iarratas chuig foireann ealaíon níos oiriúnaí. Beidh ort ansin rogha a dhéanamh d'iarratas a bhogadh, nó é a fhágáil faoin réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air.

4 Déanann comhairleoir(í) agus/nó baill foirne measúnú scríofa ar an iarratas agus tugann an coiste feidhmiúcháin scór dó ina dhiaidh sin.

5 Molann an coiste feidhmiúcháin iarratas a chur ar an ngearrliosta nó gan iarratas a chur ar an ngearrliosta lena bhreith i gcomhair maoiniú bunaithe ar an scór sin.

6 Déanann an feidhmeannach athbhreithniú ar na hiarratais go léir ar an ngearrliosta agus ar an ábhar gaolmhar agus déanann siad cinntí.

7 Cuirtear na cinntí in iúl do na hiarratasóirí i scríbhinn.

8 Déanann an Chomhairle nóta de na cinntí.

**Achar ama**

Tá súil ag an gComhairle Ealaíon na cinntí maidir le Babhta 1 de Scéim Infheistíochta na bhFéilte a fhógairt i mí Dheireadh Fómhair 2021.

### 3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú

Déantar iarratais a mheasúnú i gcomhthéacs iomaíoch agus cuirtear an fhoirm iarratas agus na hábhair thacaíochta san áireamh. Déantar gach iarratas a mheasúnú de réir na gcritéar seo a leanas (tosaíochtaí na scéime):

a) Rannpháirtíocht an phobail

b) Fiúntas ealaíne

c) Indéantacht

d) Tosaíochtaí maidir le féilte

e) Tosaíochtaí maidir le foirmeacha ealaíne

Cuirtear síos ar gach ceann de na critéir sin thíos.

Cé go bhféadfadh iarratasóirí foirmeacha ealaíne/cleachtais ealaíon eile a roghnú atá ábhartha dá n-iarratas, déanfaidh an fhoireann atá freagrach as an bpríomhfhoirm ealaíne roghnaithe (más cuí) an measúnú,***** agus d'fhéadfaidís siúd, i gcásanna áirithe, measúnú tánaisteach a iarraidh ar fhoireann eile.

***** Má chreidimid go n-oireann d'iarratas níos fearr do phríomhfhoirm ealaíne/phríomhchleachtas ealaíon eile, rachaimid i dteagmháil leat ag iarradh ort d'iarratas a aistriú chuig an bhfoireann chuí.

**a) Rannpháirtíocht an phobail**

**Dírítear ar an méid seo a leanas sa mheasúnú ar rannpháirtíocht an phobail:**

- An tiomantas agus an cumas chun lucht féachana a fhairsingiú agus chun deiseanna a thabhairt don phobal freastal ar imeachtaí ealaíon
- Caighdeán na rannpháirtíochta don phobal – mar lucht féachana, léitheoirí, éisteoirí, lucht freastail nó tomhaltóirí eile
- Cáilíocht na rannpháirtíochta don phobal – mar rannpháirtithe/chomhoibritheoirí i ngníomhaíochtaí nó in imeachtaí ealaíne.

**b) Fiúntas ealaíne**

Maidir leis an measúnú ar an bhfiúntas ealaíne, dírítear ar chleachtas na n-ealaíontóirí rannpháirteacha roimhe seo agus ar chineál na gníomhaíochta atá beartaithe, agus áireofar leis breithniú ar an méid seo a leanas:

- Caighdeán an smaoinimh agus na gníomhaíochta ealaíon atá beartaithe de réir mar atá léirithe ar an bhfoirm iarratais
- Comhthéacs na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíon lena mbaineann an ghníomhaíocht atá beartaithe
- An uaillmhian agus an úrnuacht atá léirithe sa togra.

**c) Indéantacht**

Breathnaítear sa mheasúnú indéantachta ar an gcumas a léiríonn an t-iarratasóir an ghníomhaíocht atá beartaithe a chomhlíonadh. Áirítear air sin breathnú ar na nithe seo a leanas:

- An clár ama nó an sceideal atá beartaithe agus an bainistiú a dhéanfar air

- An fhaisnéis airgeadais a chuirfear ar fáil
- Cuntas teiste na heagraíochta (nó a foirne bainistíochta más eagraíocht úr atá inti)
- Infhaighteacht na dtacaíochtaí nó na bpáirtithe eile a aithnítear san iarratas.

**d) Tosaíochtaí agus cuspóirí maidir le féilte**

Déantar iarratais a mheasúnú de réir a fheabhas a éiríonn leo cuspóirí agus tosaíochtaí na féile a chomhlíonadh; féach ar chuid 1.2 le haghaidh sonraí ina leith sin.

**e) Tosaíochtaí agus cuspóirí maidir le foirm ealaíne/cleachtas ealaíon**

Déantar iarratais a mheasúnú de réir a fheabhas a éiríonn leo cuspóirí agus tosaíochtaí na bhfoirmeacha ealaíne/na gcleachtas ealaíon a chomhlíonadh; féach ar chuid 1.3 le haghaidh sonraí ina leith sin.

### 3.4 Próiseas scórála

Tá sé beartaithe le córas scórála na Comhairle Ealaíon do Scéim Infheistíochta na bhFéilte soiléireacht a chur ar fáil d'iarratasóirí i gcomhthéacs an chaoi a ndéantar a n-iarratas a mheasúnú i gcoinne na gcritéar measúnaithe. Tugann na scóir léiriú ar a mhéid a cheaptar gur chomhlíon na hiarratais gach critéar.

Breithneoidh measúnóirí na hiarratais ag baint úsáid as a mbreithiúnas gairmiúil féin, bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh ar fáil san iarratas, ar a n-eolas faoi obair d'eagraíochta san fhearann poiblí, ar a n-eolas faoi thírdhreach na n-ealaíon i gcoitinne, agus ar an gcomhthéacs iomaíoch ina ndéantar na hiarratais ar fad a mheasúnú.

Féadfaidh na measúnóirí scór a bhronnadh go dtí an 0.5 is gaire.

Is iad seo a leanas na scóir a úsáidfear[1]:

| Scór uimhriúil | Luach focal | Míniú |
|---|---|---|
| **6** | Go hIontach | Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go cuimsitheach agus go sármhaith san iarratas. Níl easnaimh ar bith in aon chor ann. Coimeádtar an scór seo le haghaidh na ngnéithe is fearr ar fad de na hiarratais agus úsáidfear é go fíorspárálach. |
| **5.5** | | Ag barr 'Sármhaith'. |
| **5** | Sármhaith | Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go sochreidte agus go rathúil san iarratas. Soláthraítear an fhaisnéis agus an fhianaise ar fad a theastaíonn agus níl buarthaí ná réimse laige ar bith ann. |

[1] Cuireadh na mínithe seo in oiriúint ó Threoir um Measúnú Tionscadail Chultúr na hEorpa Cruthaithí.

| | | |
|---|---|---|
| **4.5** | | Ag barr "Go hAn-Mhaith". |
| **4** | Go hAn-Mhaith | Pléitear an critéar go han-mhaith san iarratas. Tugtar faisnéis shoiléir faoin bhfianaise a theastaíonn ann. Tá buarthaí agus réimsí laige ar bith fánach. |
| **3.5** | | Ag barr 'Go Maith'. |
| **3** | Go maith | Pléitear an critéar go maith san iarratas, cé go bhféadfaí roinnt feabhsuithe a dhéanamh. Tugtar faisnéis ann ar gach gné den fhianaise a theastaíonn beagnach, cé go bhfuil roinnt bearnaí ann. |
| **2.5** | | Idir "Maith go Leor" agus "Go Maith" |
| **2** | Maith go leor | Déantar plé leathan ar an gcritéar san iarratas, ach tá laigí ann. Tugtar faisnéis ábhartha ann, ach tá roinnt réimsí ann ina bhfuil sonraí in easnamh nó ina bhfuil an fhaisnéis doiléir. |
| **1.5** | | Ag bun 'Maith go leor'. |
| **1** | Go dona | Tá beagán fianaise nó faisnéis ábhartha san iarratas i gcomhthéacs an chritéir agus níl sé fíorláidir nó áititheach i gcomhthéacs maoiniú iomaíoch. |
| **0** | Easnamhach | Ní phléitear an critéar san iarratas nó ní féidir breithiúnas a thabhairt air mar gheall ar fhaisnéis ar iarraidh nó atá neamhiomlán. |

**Conas a ualaítear na scóir?**

Déanfar gach scór faoi gach critéar a mhéadú faoi ualú chun rátáil a fháil. Cinntear an rátáil de réir na tábhachta coibhneasta a chuireann an Chomhairle Ealaíon le gach critéar. Léirítear an scór deiridh mar chéatadán.

Bainfear úsáid as na peircintílí agus an t-ualú seo a leanas:

| | **Peircintíl** | **Ualú** |
|---|---|---|
| Rannpháirtíocht an phobail (forbairt agus rannpháirtíocht lucht féachana) | 25% | (4.16) |
| Tosaíochtaí maidir le féilte | 25% | (4.16) |

| | | |
|---|---|---|
| Fiúntas ealaíne | 20% | (3.33) |
| Tosaíochtaí maidir le foirmeacha ealaíne/cleachtais ealaíon | 20% | (3.33) |
| Indéantacht | 10% | (1.69) |
| **Iomlán** | **100%** | |

**Sampla**

| Critéar | Scór | Ualú | Céatadán |
|---|---|---|---|
| Rannpháirtíocht an phobail (forbairt agus rannpháirtíocht lucht féachana) | 5.0 | (4.16) | 20.8% |
| Tosaíochtaí maidir le féilte | 4 | (4.16) | 16.6% |
| Fiúntas ealaíne | 4.5 | (3.33) | 14.9% |
| Tosaíochtaí maidir le foirmeacha ealaíne/cleachtais ealaíon | 4.5 | (3.33) | 14.9% |
| Indéantacht | 4 | (1.69) | 6.8% |
| **Iomlán** | | | **74.0%** |

**Cén bhaint atá ag scóir le tairiscintí ar mhaoiniú?**

Beidh ról suntasach ag scóir maidir le tairiscintí ar mhaoiniú a dhéanamh, **agus cuirfear na hiarratais sin a fhaigheann scór 60% nó níos airde, agus iad sin amháin, ar an ngearrliosta agus déanfar breithniú orthu i gcomhair maoiniú.** Léireoidh na méideanna maoiniúcháin a thairgfear an cineál buiséid a bhfuil an Chomhairle Ealaíon ag feidhmiú laistigh de. Léireoidh sé nádúr iomaíoch na scéime fosta.

Mar chuid dár bpróiseas leanúnach bainistíochta caidrimh, úsáidfear scóir chun bonn eolais a chur faoi phlé le heagraíochtaí maidir le réimsí ina bhfuil ag éirí go maith leo agus réimsí a d’fhéadfaí a fheabhsú. Ní thugaimid ainmneacha iarratasóirí eile nó ní chomhroinnimid faisnéis le hiarratasóirí faoi na scóir a bhain iarratasóirí eile amach.

## 3.5 Toradh na n-iarratas

Cuirtear gach iarratasóir ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh a n-iarratas.

Má éiríonn le d’iarratas, cuirfear litir thairisceana chugat ina sonrófar méid an mhaoinithe a bhronnfar ort agus téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Inseofar duit freisin conas do dhámhachtain a tharraingt anuas.

Faigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór iarratas, agus bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Mura n-éireoidh le d'iarratas, is féidir leat measúnú d'iarratais a iarraidh ar fhoireann na Comhairle Ealaíon. Níl aon ghealltanas ann go mbronnfar dámhachtain mar gheall ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh nósanna imeachta iarratais amháin.

**Tabhair faoi deara:** tá measúnú iarratais ar fáil freisin d'iarrthóirí rathúla.

Níl iarratasóirí nach n-éireoidh leo incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon le tabhairt faoin ngníomhaíocht chéanna. Más dóigh leis an gComhairle Ealaíon go mbeadh an ghníomhaíocht atá beartaithe níos feiliúnaí do chlár dámhachtana eile is féidir eisceacht a dhéanamh. I gcás dá leithéid, cuirfear é sin in iúl duit i scríbhinn.

### Achomhairc

Is féidir le hiarratasóirí cinneadh maoinithe a achomharc má mheasann siad gur sáraíodh nósanna imeachta foilsithe na Comhairle Ealaíon, nó gur cuireadh i bhfeidhm go héagórach iad nó nár cloíodh leo. Má mheasann tú nár cloíodh le nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an bpróiseas achomharc ar http://www.artscouncil.ie/ga/Maoiniu/Achomhairc/ nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon le haghaidh cóip den bhileog faisnéise faoin bpróiseas achomharc.